1. **Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)**

Dualgais reatha faoin Acht:

• Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;

• Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

Moltaí:

- Is buncheart do mhuintir na Gaeltachta an méid seo ar a laghad a bheith á dhéanamh ag an Stáit.
- Tá na dualgais seo riachtanach.
- Ba chóir an méid seo a leanas a chur le haon scríbhinn nó post leictreonach a eisíodh go dátheangach:

  (a) beidh an téacs i nGaeilge ar dtús ann,

  (b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh inléite céanna leis an téacs i mBéarla agus ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann sé,

  (c) ní bheidh an clóscríobh Gaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná an clóscríóbh Béarla,

  (d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé an fhaisnéis chéanna in iúl agus a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus

  (e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.
- Ba chóir dualgais reachtúil a chur ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí Ghaeilge sa Ghaeltacht a sholáthar ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile. Níl seo amhlaidh faoi láthair. Tá iarracht airithe a dhéanamh ag leitheid an Chomhairle Conntae, de bharr go bhfuil Oifigeach Gaeilge fostaithe acu ach tá seirbhísí eile cosúil leis na Gardaí Síochána agus an Roinn Slainte a bhfuil beagan feabhais tagtha orthu.
- Tá práinn ag baint le hearcaíocht i gcomhlachtaí poiblí, sé sin go mbeidh daoine fostaithe a mbeidh sé ar a gcumas acu cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal go héifeachtach trí Ghaeilge. Moltar go leasófar an reachtaíocht sa chaoi is go mbeidh oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí daoine a fhostú a bheidh in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge, bíodh sin i scríbhinn nó trí phost leictreonach. Ní bheadh aon chostas sa bhreis ar seo, bheadh an pá céanna á ioc ar dhuine dhatheangach agus ar dhuine nach bhfuil aige/aici ach Béarla.

2. **Foilseacháin faoi alt 10 den Acht**

Dualgais reatha faoin Acht:

• Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

Moltaí:

- Ba chóir na cáipéisí atá luaite san Acht a choinneáil agus gan an liosta a leasú ar mhaithe le hairgead a shábháil. Céard is fiú daoine a spreagadh agus a hoiliúint chun Gaeilge a úsáid mura mbíonn cáipéisí ,srl.. ann le húsáid acu sa todhchaí (tá moladh eile thíos ar cén bhealach gur féidir ibhfad níos mó airgead a shábháil)
- Ba chóir aon fhoirm chlóite nó leictreonach a bhainfeadh an pobal úsáid as, chomh maith le suíomhanna gréasáin,a chur leis an liosta agus a chur san áireamh,
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis amháin, nó foirm dhátheangach ina bhfuil an dá teanga taobh le taobh faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo)
- Ba chóir go mbeadh gach cáipéis chorparáideach curtha ar fáil **go leictreonach amháin** (d'fhéadfadh na comhlachtaí poiblí nó na leabharlanna cóipeanna aonaracha de na cáipéisí a chur i gcló ar ghnáthinneall

fótachóipeála d'aon duine nach bhfuil teacht acu ar ríomhaire. Shábhálfadh a leithead de mholadh na milliúin euro ar an Stát gach bliain toisc nach mbeadh orthu na mílte cáipéis chorparáideach a chur i gcló[1])

3. Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)

Dualgais reatha faoin Acht:

• Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógraí taifeadta béil.

Moltaí:

- Tá na dualgais seo riachtanach.
- Cuireann comharthaí tráchta féiníomhá tíre in iúl agus bíonn tionchar acu ar dhearcadh an phobail i leith thábhacht na teanga. Níor chóir go mbeadh eisceacht déanta dóibh in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ní mholtar gach comhartha tráchta a athrú thar oíche, ach ba chóir go mbeadh foráil déanta san Acht go mbeidh sé riachtanach go dtiocfaidh aon chomhartha nua atá le crochadh sa todhchaí faoi na rialacháin chéanna is a bhaineann le comharthaí i gcomhlachtaí poiblí, mar atá luaite thíos. (Tá taigdhde eolaíoch seolta chuig an Roinn ag Conradh na Gaeilge mar gheall ar seo):

  (a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
  (b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla,
  (c) ní bheidh an clóscríobh Gaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná an clóscríobh Béarla,
  (d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé an fhaisnéis chéanna in iúl agus a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus
  (e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.
- Tá lógó comhlachta lárnach d'íomhá an chomhlachta sin agus is é a úsáidtear sna meáin nuair atá scéal nuachta a chludach faoi na comhlachtaí Stáit sin. Ba cheart deireadh a chur le heisceachtaí a dhéanamh as lógónna comhlachtaí poiblí ar chomharthaí agus stáiseanóireacht, ach féachaint chuige amach as seo amaach go mbeidh an Ghaeilge chomh feiceálach céanna ar gach lógó nua ag comhlachtaí poiblí.
- Ba chóir go mbeadh ainm Gaeilge ag gach comhlacht poiblí nua a thagann ar an bhfód agus go mbeadh tús áite tugtha don leagan Gaeilge os comhair an phobal i gconaí. Chuirfeadh seo go mór le stádas na Gaeilge gan aon chostas sa bhreis, mar shampla an teideal "Uisce Éireann" a úsáid seachas "Irish Water".
- Maidir le híomhá na tire seo mar thír dhátheangach thar sáile, ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh as feidhmiú comhlachtaí poiblí thar lear: na hambasáidí, Coláiste na nGael sa Lobháin, srl.

4. Scéimeanna Teanga faoin Acht

Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí Gaeilge amach sna scéimeanna teanga thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4.(a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?

Moltaí:

- Tá sé soiléir ó na figuirí atá curtha ar fail ag an gCoimisinéir Teanga go bhfuil teipthe ar chóras daingnithe na scéimeanna agus go gcaithfear leasuithe a dhéanamh air.

4.(b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?

Moltaí:

- (a) Teastaíonn leasú air. Le go mbeidh leanúnachas agus cinnteacht ag baint leis na sceimeanna, caithfear

[1] Dar ndóigh, tá argóint láidir ann nach léann mórán daoine na cáipéisí curtha i gcló i nGaeilge nó i mBéarla, agus dóibh siúd a léann go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar eolas i leagan leictreonach d'aon cháipéis mar gur féidir le duine cuardach a dhéanamh le haghaidh focail nó téarma go gasta

an proiséas ar fad a shimplíú. Chomh fada is atá sé praiticiúil, ba chóir go mbeadh comhaontú idir na seirbhísí éagsúla a chuirfeadh ar fáil trí na scéimeanna. Dfhéadfadh Roinn na Gaeltachta teimpléidí éagsúla a chur ar fail, mar shampla boscaí le ticeail ó thaobh na seirbhísí a bheifí sásta cur ar fail trí Ghaeilge. Ó thaobh comhlachtaí Stáit nach mbíonn morán baint acu leis an bpobal nó leis an nGaeltacht, dfhéadfaí teimpléid an-shimplí ar fad a chuir ar fáil. Dar ndóigh, beidh comhlachtaí stáit áirithe ann le sainchúraimí faoi leith a mbeidh ag cur sainseirbhísí ar fáil don phobal.

- Ba chóir go mbeadh sé riachtanach go mbeadh aon scéim nó comhlacht poiblí gníomhach ag cur na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil uathu in iúl don phobal, agus poibliú éifeachtach a dhéanamh ar na seirbhísí sin.
- (b) Go bhforbrófaí córas nua le caighdeán a bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla, ar nós *Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (ALT 9) 2008*
- In ionad scéim iomlán nua a chur le chéile, ba chóir gach gné de sceiméanna ranna éagsúla a tharraingt le chéile nuair a chomhnasctar na ranna sin tar éis toghchán ginearálta nó eile.

5. Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht

Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5.(a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

- NÍL AR CHÓIR AR BITH. Ach tá iarracht airithe a dhéanamh ag a leithéid den Chomhairle Conntae, de bharr go bhfuil Oifigeach Gaeilge fostaithe acu . Ach tá seirbhísí eilecosúil leis na Garda Síochána agus an Roinn Slainte gur beag feabhais atá tagtha orthu, ní thugann siad aitheantas ainmniúil don Ghaeilge ina gcuid oibre nó ina gcumarsáid leisan bpobal fiú. Tá cuid acu seo atá ag fail liúntas Gaeltachta le seirbhís tré Ghaeilge a chur ar fáil, agus níl sin á dhéanamh acu ar bheag nó mór. Ní féidir glacadh leis an meon seo, go háirithe i gceantair Ghaeltachta mar tá sé ag tabhairt pobail na Gaeltachta le fios nach bhfuil fáilte roimh an nGaeilge, nó gur rud as an ghnath é seirbhís a bheith ar fáil trí Ghaeilge, nuair ba chóir don Stát a mhalairt iomlán a bheith á dhéanamh acu.

5.(b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

Moltaí:

- (a) Níl aon chinnteacht ó thaobh infhaighteacht sheirbhísí Stát Ghaeilge sa Ghaeltacht nó, o thaobh an chaighdeán Gaeilge a bheadh ar fáil áit ina bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil.
- (b) Mar chuid de rialacháin nua an Achta, taobh istigh de 5 bliana, ba chóir go mbeadh gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge ag pobal na Gaeltachta, agus go mbeadh na seirbhísí sin ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile. Tá sé an-thábahchtach go ndéanfar normalú le seirbhisí Gaeilge an Stáit sa Ghaeltacht. Faoi lathair, tá daoine ag déanamh a gcuid gnó in Gaeilge oifigí Údarás na Gaeltachta agus ag déanamh a gcuid gnó trí Bhéarla n oifigi an Chomhairle Contae.
- Caithfear athrú a chur i bhfeidhm i bpolasaí earcaíochta an Stáit maidir le chomhlachtaí poiblí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht ionas go mbeadh an Ghaeilge **riachtanach** do phost ar bith le heagraíocht a bhíonn ag deileáil leis an Gaeltacht.
- An Ghaeilge a bheith mar theanga oibre i ngach comhlacht poiblí sa Ghaeltacht taobh istigh de 5 bliana.

6. Forálacha eile faoin Acht

Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Moltaí:

- Ní leor na forálacha seo.

  San Oireachtas:

- Ba chóir go mbeidh foráil ann ag leagan dualgais ar an Rialtas billí a fhoilsiú go dátheangach. Ba chóir atheagar a chur ar na rannóga aistriúcháin chun an bhforáil seo a fheidhmiú.
- Ó tharla go bhfuil formhór na reachtaíochta ar fáil sna rialacháin a dhéantar de bhun Achtanna, ba chóir an reachtaíocht tánaisteach a fhoilsiú go dátheangach feasta.

Sna Cúirteanna:

- Seastar leis na forálacha atá ann anois;
- Ba chóir cúisí a ionchúiseamh sa teanga oifigiúil a roghnaíonn sé/sí, mar a tharlaíonn i gCeanada. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta.
- I gcás a reáchtáiltear as Gaeilge nó go dátheangach (Gaeilge/Béarla), ba chóir go mbeadh an breitheamh in ann Gaeilge a thuiscint agus an cás achloisteáil inti gan chabhair ó ateangair. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta agus chinnteodh sé triail chothrom.
- Ba chóir do bhreitheamh plé le páirtithe i gcúis sa teanga oifigiúil a roghnaíonn siad faoi seach.
- Ba chóir breithiúnas a thabhairt sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla a reáchtálann na páirtithe a dtaobh sin den chás trí na meáin.
- I gcás ina a mbeadh Gaeilge in úsáid ag páirtí nó ag finné, ba choir don breitheamh agus an giúiré (más ann) a bheith in ann Gaeilge a thuiscint agus an cás a chloisteáil inti gan chabhair ó ateangaire. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta agus chinnteodh sé triail chothrom.
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge mar theanga oibre ag gach cúirt sa Ghaeltacht, ach go mbeadh cead ag baill den phobal láithriú iontu as Béarla más mian leo nó, agus mura bhfuil Gaeilge ná Béarla acu, i dteanga eile trí ateangaire. **Ní hé ról na gcúirteanna an Ghaeltacht a Bhéarlú**. Tá dualgas mar seo i bhfeidhm cheana le halt 135(8)(b) den Acht Pleanála 2000 mar a leanas maidir le héisteacht poiblí ó bhéal de chuid an Bhord Pleanála:-

  "(b) I gcás ina mbaineann éisteacht ó bhéal le forbairt laistigh den Ghaeltacht, seolfar an éisteacht trí mheán na Gaeilge, mura gcomhaontóidh na páirtithe san achomharc nó sa tarchur lena mbaineann an éisteacht gur cóir an éisteacht a sheoladh i mBéarla."
- I gcás dúiche nó cuaird a bhfuil limistéar Gaeltachta ann, reáchtálfar suíochán amháin den Chúirt Dúiche agus suíochán amháin den Chúirt Chuarda ar a laghad in aghaidh na bliana sa limistéar sin. Reáchtálfar suíochán amháin den Chúirt Dúiche agus suíochán amháin den Chúirt Chuarda ar a laghad in aghaidh na téarma dlí i nGaeltacht Dhún na nGall, i nGaeltacht Chonamara agus i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.

7. Comhlachtaí poiblí faoin Acht

Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.

Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?

Moltaí:

- Níl sé iomlán
- Ba chóir go gcuirfear aon chomhlacht poiblí nua a bhunófar amach anseo ar liosta na gcomhlachtaí poiblí a thagann faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go huathoibríoch , agus gan fanacht ar mholadh ón Aire
- Sa chás go n-údaraíonn comhlacht poiblí cuideachta phríobháideach nó gníomhaireacht de chineál ar bith eile feidhmiú thar a cheann agus é ag déileáil leis an bpobal, ba chóir go mbeadh na dualgais chéanna acu is atá ag an gcomhlacht poiblí seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge don fheidhm a cheapfar iad a chur i gcrích ar son an chomhlachta phoiblí. Tá ceapúcháin fhóchonraitheoirí príobhaideacha ag tarlú níos minice agus níos minice sa tseirbhís poiblí agus mar sin tá sé tábhachtach dul i ngleic le seo.
- Ba chóir go dtiocfadh aon chomhlacht gur leis an stát é (bainc, comhlachtaí leath-stáit, srl. san áireamh), nó aon chomhlacht a fhaigheann ceadúnas gníomhú sa tír ón stát faoin Acht (ní chosnóidh seo airgead ar an Stát agus bheadh go leor leor seirbhísí breise curtha ar fáil dá bharr).
- Ba chóir go gcuirfí tiontú Gaeilge ar theidil agus ar fhaisnéis na gcomhlachtaí agus na mbord éagsúla a bhfuil sé i gceist ag an Rialtas cur ar an bhfód de bhun fhorálacha an Bhoird Snip Nua, agus plean

athchóirithe don earnáil poiblí a luaithe agus is féidir.

8. Oifig an Choimisinéara Teanga

Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?

Moltaí:

- **BA CHÓIR GO GCOINNEOFAR OIFIG AN CHOIMISINÉARA TEANGA COINNITHE MAR OIFIG NEAMHSPLEÁCH**
- Ba chóir ról monatóireachta a thabhairt d'Oifig an Choimisinéara Teanga ar chur i bhfeidhm an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*

GO GINEARÁLTA

9. 9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?

Moltaí:

- Ba chóir go mbeadh rialacháin ann maidir le fógraíocht, m.sh. ba chóir go mbeadh 20% den fhógraíocht na gcomhlachtaí poiblí sna meáin trí Ghaeilge
- Ba chóir go mbeadh lipéadú ar earraí díolta in Éirinn i mBéarla agus i nGaeilge, ar nós na foláirimh sláinte ar phacáistí tobac. Ní chosnódh seo airgead ar an stát.
- Ba chóir go mbeadh rialacháin ann go mbeidh líon áirithe daoine i ngach comhlacht poiblí in ann seirbhís a chur ar fail trí Ghaeilge (ní gá go mbeadh Gaeilge ag gach fostaí nua, ach ba chóir go mbeadh céatadán den fhoireann le Gaeilgeann)
- Bachóir go mbeadh sé de dhualgas reachtúil ag bancanna agus comhlachtaí poiblí móra eile seirbhís Ghaeilge atá chomh feiceálach céanna leis an tseirbhís a cuirtear ar fáil i mBéarla a chur ar fáil.
- Ba chóir go mbeadh sé de dhualgas ag an gCoimisineir Teanga, Roinn na Gaeltachta, na Comhlachtaí Stáit agus ag an Roinn Oideachais feasacht ar chearta teanga a spreagadh.
- Ba cheart go mbeadh suíomh idirlíon Gaeilge ar chomhchaighdéan leis an gceann Béarla ag gcah uile Comhlacht poiblí, óir is tríd an idirlíon níos mó agus níos mó atá na comhlachtaí seo ag cur faisnéise agus seibhísí ar fail don phobal. Ó thaobh suíomhanna idirlíne de faoi láthair: 1. Is deacra teacht ar an leagan Gaeilge níos minice ná a mhalairt 2. Is minic go bhfuil an t-eolas Gaeilge as dáta i gcomparáid leis an leagan Béarla 3. Is minic go bhfuil eolas Bearla ar leathanach idirlín, agus leathanach folamh le nóta leithscéil áit inar chear go mbeadh an Ghaeilge 4. Is minic a tharlaíonn agus duine ag brabhsáil ó leathanach idirlín amháin go leathanach idirlín eile agus an cnaipe Gaeilge brúite ag an duine go dtuirlingtear ar leathanach Béarla agus go bhfuil ar an duine an cnaipe Gaeilge a bhrú arís.
- Is léir gur gá córas foirfe oiliúna agus traenála a chothú le forbairt a dhéanamh ar chumas teanga na foirne i gcomhlachtaí poiblí an Stáit. Ba cheart go ndéanfaí foráil do chóras den chineál sin agus go mbeadh teastais aitheanta le fáil a léireodh go cruinn cumas na mball foirne seirbhísí a sholáthar i dteangacha oifigiúla an Stáit. Ba cheart go mbeadh dualgas dá réir ar an bhfoireann a bhainfeadh tairbhe as an oiliúint agus an traenáil sin seirbhís i nGaeilge a thairiscint don phobal.
- Ba chóir go mbeidh gach rud curtha ar na meáin sóisialta (facebook, twitter, srl..) ag aon chomhlacht poiblí nó roinn stáit go dátheangach.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Moltaí:

- Éilím seirbhís trí Ghaeilge ó gach comhlacht poiblí a bhím ag plé leo

- Ba cheart go mbeidh na suíomhanna gréasáin ag comhlachtaí poiblí ar fáil trí Ghaeilge

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?

Moltaí:

- Easpa cumais sa Ghaeilge. Is gá daoine a earcú le Gaeilge agus daoine atá sa chóras cheana féin a oiliúint
- Easpa eolais ag móramh na státseirbhíseach ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta. Tá gá le cúrsaí feasachta teanga.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Moltaí:

- Mar a mholadh cheana féin, ba chóir go mbeadh gach cáipéis chorparáideach curtha ar fáil go leictreonach amháin (d'fhéadfadh na comhlachtaí poiblí nó na leabharlanna cóipeanna aonaracha de na cáipéisí a chur i gcló ar ghnáthinneall fótachóipeála d'aon duine gan teacht ar ríomhaire. Shábhálfadh a leithead de mholadh na milliúin euro ar an Stát gach bliain mar gheall nach mbeadh orthu na mílte cáipéis chorparáideach a chur i gcló[2])
- Ba chóir Oifig an Choimisinéara Teanga a fhágáil mar oifig neamhspleách le hairgead a shábháil ar an Rialtas
- Da ndéanfáí méid áirithe daoine le Gaeilge a earcú do phoist sna Comhlachtaí Poiblí, ní bheadh aon chostas sa bhreis ar an Stát ach bheadh sábhailtí airgid ann ó thaobh tairgiúlacht, eifeachtiúlacht agus costaisí aistriúcháin de, doibh siúd atá ag plé le pobal Gaeilge agus Gaeltachta.

[2] Dar ndóigh, tá argóint láidir ann nach léann mórán daoine na cáipéisí curtha i gcló i nGaeilge nó i mBéarla, agus dóibh siúd a léann go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar eolas i leagan leictreonach d'aon cháipéis mar gur féidir le duine cuardach a dhéanamh le haghaidh focail nó téarma go gasta